Allied Irish Banks Award for excellence on the Higher Certificate in Business in Accounting/Finance Level 6	Deirdre Flynn
Gradam Ambasáid na Fraince ar son fiúntais sa Fhraincis ar an Ard-Teastas i Staidéar Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas	Niamh O'Dwyer
Gradam CIM Accountants / Kostal Ireland GMBh don mac léinn is fearr mBainistíocht Chuntasaíochta ar an Diplóma Náisiúnta Staidéar Gnó i gCuntasaíocht agus Airgeadas	Colette Kenny.
Gradam Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas	Colette Kenny.
Gradam Aer Rianta Idirnáisiúnta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó (On) i gCuntasaíocht/Airgeadas	Marie Sheanon
Gradam an Ard-Bhailitheora/na gCoimisinéirí Ioncaim ar son fiúntais i gCáin agus Dlí ar an mBaitsiléir Gnó (On) i gCuntasaíocht/Airgeadas	Marie Sheanon
Gradam Southern Advertising ar son fiúntais ar an mBaitsiléir i Margaíocht Gnáthchéim Leibhéal 7	Louise O'Loughlin
Gradam O2 Institiúid Cuntasóirí Cairte ar son fiúntais i gCuntasaíocht Bainistíochta/Bainistíocht Airgeadais ar an mBaitsiléir Gnó i Margaíocht	Caroline Bourke
Gradam na hInstitiúide Margaíochta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó (On) i Margaíocht	Marie Stakelum
Gradam Oidhreacht na Sionna ar son fiúntas ar an mBaitsiléir Ealaíon i Staidéar Gnó le Turasóireacht	Sinead Cowhey
Gradam Bhráithre na Carthanachta, Luimneach ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta (C.I.T)	Sheila Twomey
Gradam Bhainc Aontas Éireann ar son fiúntais ar an dTeastas Náisiúnta i dTógáil	Anthony O'Regan
Gradam McInerney ar son fiúntais ar an Teastas Náisiúnta i dTógáil i mBainistíocht Láithreán	James Hennigar
Gradam P.J. Heagrt & a Chlann Mac ar son fiúntais ar an Teastas Náisiúnta i dTógáil i Sláinte & Sábháilteacht	David Quirke Aran Power
Gradam Roadstone ar son fiúntais ar an dTeastas Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta	Brian Fahy
Gradam Michael Punch & Partners ar son fiúntais ar an Teastas Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta	Brian Fahy
Gradam Buan Aidan Feeney ar son fiúntais san ábhar 'Mórbhealaí' ar an Teastas Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta	Brian Fahy
Gradam John Cuddy & a Chomhghleacaihthe ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta	Ronan Hynes

Duais Oideachais an Royal Institiúte of Chartered Surveyors (RICS) ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta	Diarmaid Connolly
Gradam Brendan F. .Bermingham & Associates Quantity Surveyors ar son fiúntais i mBliain 2 den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta	Linda Chirwa
Gradam Bruce Shaw Partnership ar son fiúnais sa Mhiontráchtas sa Bhliain Dheireanach den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta	Marion Neville
Duais Oideachais an Royal Institute of Chartered Surveyors (RICS) ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Gary Woods
The Society of Chartered Surveyors (SCS) Award for excellence on the Final Year of the B.Sc. in Property Valuation & Management	William Lambe
Gradam John Cuddy & a Chomhghleacaihthe ar son fiúnais i mBliain 2 den B.Sc. in Eacnamaíocht Tógála	Deirdre Faherty
Gradam Chodhmaidhm an Tionscal Foirgníochta ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. in mBainistíocht Foirgníochta	Sean Carroll
Gradam Chraobh na Mumhan d’Institiúid Cheantálaithe agus Luachálaith na hÉireann á urrú ag an Irish Examiner ar son fiúntais i mbliain 1 den B.S i Luacháil agus Bainistíocht Maoine	Kevin Carroll
Gradam Chraobh na Mumhan de Institiúid Cheantálaithe agus Luachálaithe na hÉireann á urrú ag an Irish Examiner ar son fiúntais i mbliain 2 den B.S. i Luacháil agus Bainistíocht Maoine	Joanne Duggan
Gradam Chraobh na Mumhan de Chenatálaithe & Luachálaithe na hÉireann á urrú ag an Irish Examiner ar son fiúntais sa bhliain dheireanach den B.Sc i Luacháil agus Bainistíocht Maoine	Liam O’Reilly
Gradam C.I.O.B. don Miontráchtas is fearr sa Bhliain Dheireannach den B.Sc i mBainistíocht Foirgníochta	Eoin Ryan
Gradam Mac léinn na bliana HETAC ar son fiúntais ar an Ard-Teastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil & Déantúsaíochta	Michael Gallagher
Gradam VW Audi le Motor Distributors (Irl) Ltd ar son fiúntais ar an Teastas Náisiúnta Teicneolaíochta i dTeicneolaíocht Ghluaisteán	Mark Glancy
Gradam an Chumann Trádála Tarracóirí agus Innealra Feirme ar son fiúntas ar an Teastas Náisiúnta i dTeicneolaíocht i Meicníocht Thalmhaíochta	Jessica Duffy
Gradam Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht Ríomhchuidithe	David O Lone
Gradam DELL ar son fiúntais ar an Ard-Teastas i Staidéar Gnó i Ríomhaireacht Ghnó	Sean O’Brien
Gradam DELL ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Ealaíon i Staidéar Gnó i Ríomhaireacht Ghnó	Ciaran Cussen
Gradam Ambasáid na Fraince don toradh léinn is fearr do mhac léinn san ábhar “Fraincis” ar an gcúrsa Baitsiléir Gnó (On) i Ríomhaireacht	Sean Harrison
Gradam Fitzpatrick Computer Group ar son fiúntais sa chúrsa Baitsiléir Staidéar Gnó (On) i Ríomhaireacht Ghnó	Elaine Kiely
Gradam Chumann Ríomhairí Éireann ar son fiúntais in obair Thionscadail ar an mBaitsiléir Staidéar Gnó (On) i Ríomhaireacht Ghnó	Natalie Joyce agus Eugene Gibbons
Gradam EDS GFS ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Eolaíocht i Ríomhchlárúchán	Eugene Gibbons agus Aisling Concagh.
	Stephen Mulcahy

Gradam Bhord na gCon ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht in Innealtóireacht Bhogearraí	John Healy
Gradam O2 ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i gCórais Faisnéise	Gerard Mulligan
Gradam EDS GFS ar son fiúntais sa Mhiontráchtas ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i gCórais Faisnéise	Gerard Mulligan
Gradam N.C.K. Teo. ar son fiúntais sa Bhaitsiléir Eolaíochta (On) i bhForbairt Bhogearraí	Julie Anne Wall
Gradam Avocent International ar son fiúntais i dtionscadal Taighde ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i bhForbairt Bhogearraí	David Cremins
Gradam INTEL ar son fiúntais ar an gCéim Máistir i Ríomhaireacht in Oideachas	Marguerite Trench Linnane
Gradam INTEL ar son fiúntais san obair Thionscadail ar an gCéim Máistir i Ríomhaireacht in Oideachas	Siobhan McLaren
Gradam Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais ar a aitsiléir Eolaíochta (On) i Ríomhaireacht Ilmheán le Dearadh	Elena Garcia Samdro
Gradam Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais san Obair Thionscadail ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i Ríomhaireacht Ilmheán le Dearadh	Robert O'Halloran
Gradam Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i Ríomhaireacht i dTacaíocht TF	Gavin Liston
Gradam Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta (On) i mBainistíocht Seirbhísí Ríomhairí agus ar son fiúntais in Obair Thionscadail	Aoife Moloney
Gradam Schneider Electric ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht in Uathoibriú agus Córais Róbataic	Brendan Cahill
Gradam Proctor & Gamble Manufacturing (IRL) Ltd don obair thionscadail is fearr ar an mBaitsiléir Innealtóireachta in Uathoibriú agus Teicneolaíocht Rialúcháin	Barry Hartnett
Gradam Analog Devices B.V. ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Innealtóireachta in Uathoibriú agus i dTeicneolaíocht Rialúcháin	Benjamin Okechukwu-Ndu
Gradam Kirby Group Engineering Ltd ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach	Michael Lynch
Gradam Analog Devices B.V. Teo ar son fiúntais i saothar Tionscadail sa Bhaitsiléir Eolaíochta (On) i gCórais Leictreonacha	Alexander Russo
Gradam Aughinish Alumina ar son fiúntais Bhaitsiléir Eolaíochta (On) i gCórais Leictreonacha	Anthony O'Brien
Gradam Díoltóirí Leabhar O'Mathny mar aitheantas d'Fhiúntas Acadúil ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht i dTeicneolaíocht i dTeicneolaíocht Fise agus Fuaim, mar chabhair do staidéar breise	Diego Perez Olaskooga
Gradam Bhanc Aontas Éireann ar son fiúntais i Leictreonaic ag leibhéal Teastais	Patrick Forde
Gradam Sky Television ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíochta Fise agus Fuaim	Michael Kelleher
Gradam Vistakon Ireland ar son fiúntais ar an Ard-tTeastas Eolaíochta in Eolaíocht Chomhshaoil & Anailíseach	Mary O'Sullivan
Gradam Reageon Diagnostics ar son fiúntais ar an Ard-Teastas Eolaíochta i gCeimic Fheidhmeach	Caroline Griffin
A.G.B. Scientific Award for excellence on the Bachelor of Science in	

Chemical Instrumentation/Analytical Methods -Gradam AGB Scientific ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta in Ionstraimíocht Cheimiceach/Modhanna Anailíseach	Emer Tobin
Gradam J.V.A. Analytical ar son fiúntais i saothar Tionscadail sa Bhaitiléir Eolaíochta in Ionstramú agus Modhanna Anailise Ceimiceacha	Karen Downing
Gradam Bhanc Aontas Éireann ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta in Ionstraimíocht Cheimiceach & Anailís	Nicola Shine
Gradam Vistakon Ireland ar son fiúntais i saothar Tionscadail sa Bhaitiléir Eolaíochta in Ionstramú agus Anailis Cheimiceach	Aoife Carney
Gradam B.H.P. Laboratories ar son fiúntais ar an Teastas Náisiúnta Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach	Tony Skerritt
Gradam Chumann Eolaíochta Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Eolaíochta in Eolaíochtaí Bitheacha Feidhmeacha, agus fiúntas in obair thionscadail san áireamh.	John Walsh
Gradam Analytica Limited ar son fiúntais in oair thionscadail ar an mBaitsiléir Eolaíochta in Eolaíochtí Bitheacha Feidhmeacha	Carmel Boyce
Gradam Ghrúpa Chiarraí ar son fiúntais sa Bhaitiléir Eolaíochta (On) i mBithanailis agus i mBiteicneolaíocht, agus fiúntas in obair thionscadail san áireamh	Joanne O'Connor
Gradam Alpha Technologies ar son fiúntais i saothar Tionscadail sa Bhaitiléir Eolaíochta (On) i mBith-anailis agus i mBiteicneolaíocht	Sarah Matthews
Gradam Roche Ireland Limited ar son fiúntais ghinearálta den chéad scoth san Eolaíocht	Nicola Shine
Gradam Duais Cheannacháin na gCoimisinéirí Ioncaim bronnta ar son fiúntas ghinearálta den chéad scoth sa Chéim B.A. (On) i Mínealaín i bPéintéireacht	Rachel Thompson
Gradam na gCoimisinéirí Ioncaim bronnta ar son fiúntais le linn na Céime B.A. (On) i Mínealaín i bPéintéireacht (2 gradam)	Olatz Aizpuru Catriona Ni Chonchuir Donough McNamara
Gradam na gCoimisinéirí Ioncaim bronnta ar son fiúntais le linn na Céime B.A. (Gnáth) i Mínealaín i bPéintéireacht	agus Jennifer Hanley
Gradam an Irish Times ar son fiúntais ar an Ard-Diplóma in Ealaín do Mhúinteoirí Ealaíne & Deartha	Keith O'Rahilly
Gradam Limerick Printmakers ar son fiúntais ar an B.A. (On) i nDéanamh Priontaí	Paul Nash
Gradam Cork Printmakers ar son fiúntais ar an B.A. (On) i Mínealaín i nDéanamh Priontaí	Sinead Campbell
Gradam Screenway ar son na húsáide is cruthaithí den Teicneolaíocht ar an gCéim Onóracha i nDearadh Grafach	George Simkin
Gradam Scarva Pottery Supllies ar son fiúntais ar a gcéim B.A. (Gnáth) i nDearadh i gCeirmigh	Marie Hanley
Gradam Roghnú Céimí Davern & Bell	Timothy Noonan

3.8 Seirbhísí na Mac Léinn 2004/2005

Lean na Seirbhísí Tacaíochta den scoth do Mhic Léinn ar aghaidh ag forbairt agus ag soláthar tacaíochta gairmiúil ardhúraim do mhic léinn. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gClár Ionduchtaithe agus chinntigh sé go raibh gach mac léinn ná ar an eolas níos luaithe sa bhliain acadúil faoi na seirbhíse atá ar fáil dóibh. Chuir sé seo brú breise ar na soláthróirí seirbhíse i rith na bliana .

Tacaíocht foghlama

Oslaíodh Aonad nua Tacaíocht Foghlama i mí Feabhra 2004 chun Aonad Tacaíocht Foghlama neamhbhreithiúnach, le doras oscailte a fhorbairt chun tacaíocht acadúil a thairiscint do gach mac léinn. Soláthraíonn an ATF réimse de Sheirbhísí Tacaíocht Foghlama ar fáil d'fhoghlaimoirí, lena n-áirítear:

Teagasc Grúpa Breise
Teagasc Aonair
Foghlaim le Cúnamh Piar
Tacaíocht Scileanna Staidéir
Tacaíocht sa Bhéarla

Séiplíneacht

Cuireann an Institiúid fáilte roimh mic léinn de gach creideamh, nó gan creideamh, agus as gach cúlra eitneach agus teacht chun staidéir sna cúrsaí. Deirimid foráil le haghaidh riachtanais thréadúla agus spioradála na mac léinn seo sa Seirbhís Séiplíneachta. Ba chúis díomá dúinn gur fhág ár Séiplíneach, an tAth. Noel Kirwan an Institiúid chun dul ar ais ag obair i bParóiste N. Mícheál sa chathair. Tháinig an tAth. Alphonsus Cullinan, a bhí ag obair roimhe seo mar Shéiplíneach san Ospidéal Réigiúnach, ina áit. Bhí an tAth. Phonsie bunaithe ar Champas Pháirc Mhaigh Lise, agus é freagrach agus na láithreacha go léir lena n-áirítear Campas Shraid an Chláir agus Cé Seoirse. Bhí na cúramaí seo a leanas air:

- Teagmhálacha le hionadaithe áitiúla agus le saoráidí na mórchreideamh domhanda.
- Rochtain ar an Seomra Ciúin ag Campas Mhaigh Lise.
- Aifreann a ograíl ag amanna ar leith ar son intinní na mac léinn agus na foirne, ar bhonn laethúil sa Charghas agus le linn scrúduithe.
- Rochtain ar gach imeacht agus gníomhaíocht a chuireann an tseirbhís seo ar fáil, gan aird ar aicmí/creideamh nó dearcadh reiligiúnda.
- Droichead tréadúil comhairleach chuig comhairleoireacht ghairmiúil.
- Tacaíocht ag ócáidí mórdheacrachta, m.sh. Méala, Tinneas, Láithreas Cúirte, srl.

Chomh maith leis na nithe thuas bhí an Séiplíneach freagrach as an gCiste Cruatain, na Cistí Fóirdheontais Leanaí agus tacaí eile do mhic léinn a riaradh.

Altracht/Míochaine

Chuir Aonad Sláinte na Mac Léinn seirbhís dhiscréideach míochaine ar fáil do mhic léinn faoi stiúir Altra na hInstitiúide, Alice Meagher Bhí lialann agus seomra leighis i measc na saoráidí agus bhí páirt thábhachtach ag na hAltraí i gcothú na sláinte trí scagadh sláinte agus trí sheirbhís chúram sláinte ghairmiúil a sholáthar do na mic léinn uile. Rinne na haltraí comhordú ar chlár an-rathúil ionduchtaithe do na mic léinn céad bliana go léir agus ghlac siad páirt ann.

Eagraíodh Laethanta Cothú Sláinte agus bhí seastán ann maidir le:

- Feasacht Meiningíteas
- Asma
- Pleanáil Clainne agus Sláinte Gnéis
- Cura
- Grúpa Tacaíochta Tuismitheoirí
- Aware
- Gardaí Pobail
- Alcólaigh gan Ainm
- Éigeandáil um Éigniú
- Sláinte
- Comhairle Dhiatéiteach agus Cothaithe

Baineadh úsáid as seastán a thaispeáin Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn ITL féin chun na seirbhísí seo a chothú agus a fhógairt.

D'fhreastail an tAltra chomh maith ar chruinnithe rialta le Cinn Scoile agus Roinne. Tá sí ina ball den Choiste Sláinte & Sábháilteachta agus de chuid de Fhochoistí na Comhairle Acadúla. Chuir sí tacaíocht ar fáil ag am scrúduithe, nuair a bhí méadú mór ar líon na mac léinn a d'iarr cúnamh Riachtanais Speisialta. Chuir sí cúram míochaine agus imdhíonaithe ar fáil nuair a bhí bagairt Mheiningiteas ann, agus rinne sí na cuairteanna go léir ar dhochtúirí a chomhordú. Bhí altra páirtaimseartha, Lay Dunne, ar fáil chomh maith ag campas Shráid an Chláir.

Comhairleoireacht

Ráiteas Misin Sheirbhís Chomhairleoireacht na Mac Léinn in ITL:

“Seirbhís neamhbhreithniúach, discréideach a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte chun a chur ar chumas mic léinn obair trí aon deacracht, féidireachtaí a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar a son féin.”

Is í aidhm fhoriomlán na seirbhíse tacú le foghlaim agus forbairt na mac léinn agus cumas na mac léinn chun an leas is fearr a bhaint as a dtáithí sa choláiste a uasmhéadú.

Cuireadh le forbairt an tseirbhís Chomhairleoireachta i 2004/5 nuair a ceapadh beirt chomhairleoir páirtaimseartha: Niamh Murphy agus Alan Rodger, i mí Eanáir '05, rud a mhéadaigh líon na n-uaireanta comhairliúcháin a bhí ar fáil go seachtainiúil go 44. Ní raibh ach 24 uair ar fáil sa tseachtain roimhe seo. Chuir an Comhairleoir Noreen Keane 20 uair Comhairleoireachta ar fáil agus chuir an bheirt chomhairleoir eile 16 uair eile ar fáil eatarthu, agus chuir comhairleoir faoi oiliúint ar shocrúchán suas le 8 uair sa tseachtain ar fáil.

Chabhraigh seirbhís Chomhairleoireachta na mac léinn le mic léinn ag go leor leibhéal:

- Comhairleoireacht agus tacaíocht theiripeach a sholáthar
- Freagairt do ghéarchéimeanna, mar is cuí
- D'fheidhmigh mar fhoinsé atreoraithe do sheirbhísí ábhartha eile, sa Choláiste agus lasmuigh de
- Chuir oiliúint agus comhairliúchán ar fáil don bhfoireann
- Ghlac páirt i gcosc, in oideachas agus measúnú.

Cuireadh **903** uair chomhairleoireachta ar fáil san iomlán ar bhonn chomhairleoireachta aonair ar dhá champas. Méadú de 132 uair (14.6%) é seo ó fhiigiúirí na bliana anuraidh (771 uair). Cuireadh 69 coinne ar ceal agus níor tháinig daoine go 120 coinne sa bhreis orthu siúd. Cuireadh glaoch, teachtaireacht téacs nó litir ag gach duine nár fhreastail ar a gcéad choinne, ag tairiscint coinne eile dóibh. Dá bhrí sin tairgíodh **1092** uair de choinnithe do mhic léinn san iomlán idir Meán Fómhair agus Bealtaine.

Ghnóthaigh **156** mac léinn (**59 fireann, 97 baineann**) ar fad ón tseirbhís ó Mheán Fómhair 2004 go Bealtaine 2005. Tugadh tacaíocht do **70** ball foirne ina gcuid oibre le mic léinn i rith na bliana chomh maith. Bhí cúigear mac léinn ar an sceideal chun leanúint ar aghaidh ag freastal i rith an tsamhraidh. Bíonn an tseirbhís ar fáil le haghaidh cuairteanna ócáidiúla leis an gComhairleoir i rith an tsamhraidh de réir mar a bhí gá leo.

Gairmeacha & Ceapúchán Imeachtaí do Mhic Léinn

Baintear úsáid as an tSeirbhís Gairme ag gach leibhéal, ó mhic léinn réamhiontrála, mic léinn reatha agus iarchéimithe chomh maith le fostóirí reatha agus féideartha chéimithe agus mic léinn.

Cuirtear láithriúcháin ar fáil do ranganna sa bhliain dheireanach agus bíonn cruinnithe aonair ar siúl san Oifig Gairmeacha. Is cruinnithe gearra le ceist mhear iad seo nó seisiúin eagraithe Gairmtheorach ina mbíonn na mic léinn ag lorg treorach faoi ghairmeacha agus faoi roghanna cúrsaí.

Earcaíocht Chéimithe

Cuirtear tús le hearcaíocht chéimithe le Aonaigh Gairme i mí Dheireadh Fómhair agus bíonn a n-earcaíocht chéimithe curtha i gcrích ag cuid mhór de na cuideachtaí is mó faoi thús Feabhra, a fhad is a bhíonn cuideachtaí eile ag earcú céimithe i rith na bliana go léir. Tá an margadh saothair do chéimithe an-láidir ach tá an-chuid iomaíochta ann. Beidh formhór na gcéimithe ag lorg fostaíochta ó chuideachtaí sa réigiún máguaird nó in Éirinn. Is fearr le roinnt mic léinn dul ag taistel nuair a bhíonn a gcuid staidéir críochnaithe acu agus is eol dúinn gur thaistil 6 chéimí go Dubai, gur tairgíodh postanna san India do ochtar, go bhfuil postanna faighte i gCeanada ag ceathrar agus gur tairgíodh intéirneacht do thriúir céimí Eolaíochta le clár FÁS/NASA i Florida. Is rud an-suntasach é seo don chúrsa céime in Eolaíochtaí Bitheacha mar gur ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh amháin atá áit do chéimithe ar an gclár seo.

Is í an earnáil fhoirgníochta an earnáil is láidre sa tír agus tá sé seo le feiceáil i líon na bhfolúntas a fhógraítar chuig ITL don Timpeallacht Tógtha. Tá éileamh maith ann do chéimithe Gnó, Eolaíochta agus Innealtóireachta agus tá lucht earcaíochta TF tagtha ar ais chuid an margadh agus líon na bpostanna TF ag méadú i gcónaí.

Tá naisc láidre ann le fostóirí agus i rith na bliana chuir os cionn 200 cuideachta eolas faoi fholúntais ar fáil do ITL

D'fhreastail 50 ar Aonach na Timpeallachta Tógtha

D'fhreastail 18 ar an Aonach Fáilteachais

Rinne 33 cur i láthair

D'eagraigh 35 agallaimh ar an gcampas

Seirbhís Rochtana

Tháinig Oifigeach Rochtana nua, **Linda Barry**, go Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i mí Lúnasa ó IT Corcaí.

Is í aidhm na seirbhíse rochtain agus rannpháirtíocht ar chláir acadúla agus ar shaol na mic léinn sa Institiúid a chur chun cinn, a éascú do na dreamanna seo

1. Mic léinn lánfhásta
2. Mic Léinn le Riachtanais Speisialta
3. Mic léinn ó Ghrúpaí nach bhfuil ionadaíocht shásúil acu faoi láthair

Is é ról an tSeirbhís Rochtana:

1. rochtain ar iniamh sóisialta a spreagadh agus a chothú i measc daoine a d'fhéadfadh a bheith ina mic léinn in ITL.
2. bualadh le mic léinn ITL le fáil amach cad a bhí le déanamh chun iontráil agus rannpháirtíocht i gcláir acadúla na hInstitiúide a chumasú.
3. a chinntiú go raibh ionchais na mac léinn fhéideartha bunaithe ar an bhfírinne ionas go bhféadfaí rogha eolach a dhéanamh.
4. cóiríocht réasúnta a fháil agus a chur ar fáil a bheadh ag teastáil ó mhic léinn ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as an gclár is rogha leo.
5. Teagmháil a dhéanamh leis an mBainistíocht inmheánach leis Foireann Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn, agus le Ranna/Scoileanna Riaracháin agus Acadúla.
6. Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí Ardoideachais eile, agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha.

Cuireadh tuarascáil chuimsitheach mhionsonraithe faoin Seirbhís Rochtana ar fáil ag deireadh na bliana acadúla. Ba é seo an Chéad Thuarascáil Bhliantúil a tiomsaíodh faoin Seirbhís Rochtana in ITL. Scaipeadh an tuarascáil i measc na Bainistíochta Sinsir. Chuir an tSeirbhís Rochtana ceithre phríomhsheirbhís ar fáil le linn 2004-2005.

1. Meantóireacht Mic Léinn (comhordaithe ag an tSeirbhís Rochtana)

Tá an teagmháil idir mic léinn agus an Institiúid feabhsaithe ag an Seirbhís Meantóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Le linn na bliana acadúla 2004-2005 bhí 52 meantóir in ITL. Is baill lánaimseartha den bhfoireann acadúil iad na meantóirí. Tugann Ceann a Roinne 30 mac léinn céadbhliana do gach meantóir. Cuireadh meantóirí ar fáil do mhic léinn printíseachta Céim 4 chomh maith i 2004-2005.

Déanann an tOifigeach Rochtana comhordú ar an oiliúint agus an struchtúr don chlár meantóireachta in ITL do 204-2005. Eagraítear cruinnithe/ceardlanna i rith na bliana acadúla. Tarigíodh ceardlann oiliúna roghnach a d'eagraigh Seirbhís Chomhairleoireachta ITL faoi 'Oiliúint i Scileanna Feidhmeacha Idirghabhála maidir le Féinmharú' (ASSIST) do na meantóirí go léir i mí Eanáir 2005.

Bhain costas iomlán de **€67678.90** leis an tseirbhís meantóireachta a chur ar fáil in ITL do 2004-2005. Síníonn gach meantóir 'Meabhrán Tuisceana' atá faomhaithe ag an gCláraitheoir ag tús na bliana acadúla. Rinneadh íocaíocht de €1310 i dhá thráthchuid ar leith le gach meantóir le linn na bliana acadúla.

Léiríonn an bhliain 2004-2005 go bhfuil seirbhís meantóireachta dhearfach, téagartha agus an-ghníomhach ag an Institiúid. Tá cur chuige dúthrachtach daonnachtúil ag an bhfoireann thiomanta meantóireachta ina dteagmháil le mic léinn. Níl aon amhras ach go gcuirfidh tionchar an tseirbhís meantóireachta le haidhm straitéiseach na hInstitiúide don todhchaí.

2. Ciste Cúnaimh na Mac Léinn.

Déanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar Chiste Cúnaimh na Mac Léinn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, le cúnaimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tugtar eolas do mhic léinn faoin gciste le linn a gclár ionductaithe. Déanann Comhairleoirí, Altra, Séiplíneach, Meantóirí, Stiúrthóirí Cúrsa agus Oifigí Chumann na Mac Léinn in ITL mic léinn a atreorú chuig an gciste. Cuireadh postaer faoin gciste ar aghaidh chuig gach meantóir i mí Eanáir le taispeáin ar fud an champais.

I rith 2004-2005 fuair 156 mac léinn éagsúil maoiniú ón gCiste.

Chuir an Coiste Rialaithe Coiste Comhairleach um Mhaoiniú Mic Léinn ar bun i 2004-2005 a rinneadh faomhadh ar íocaíochtaí do mhic léinn. Bhí an coiste seo comhdhéanta de na comhaltaí/ionadaithe seo a leanas:

- Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn
- Séiplíneach
- Ionadaí Aontas na Mac Léinn
- Baill den bhFoireann Acadúil (2 as Maigh Lise, 1 as Scoil Ealaíon agus Deartha Luimnigh)
- Riarthóir Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn
- Ionadaí Airgeadais
- Oifigeach Rochtana

3. Tacaíocht do Mhic Léinn Lánfhásta

Ag an gcéad chruinniú de mhic léinn lánfhásta i mí Mheán fómhair cruthaíodh ‘Coiste Chumann na Mac Léinn Lánfhásta’ do 2004-2005. D’fhógair an tOifigeach Rochtana seacht gcrúinniú i rith na bliana acadúla. Bhí an-éagsúlacht sa bhfreastal ar na cruinnithe seo. Chláraigh 35 mac léinn ar fad leis an seirbhís rochtana i rith na bliana.

4. Mic Léinn le Míchumas agus/nó le Deacracht Sonrach Foghlama

Tá riachtanas na mic léinn a mbíonn deacrachtaí acu ag síorathrú mar go mbraitheann a gcuid riachtanas ar éilimh a gcúrsa ag am ar bith ar leith. Chláraigh 130 mac léinn leis an Seirbhís Rochtana i 2004-2005. Tháinig 111 mac léinn i láthair (printísigh san áireamh) le deacrachtaí foghlam agus tháinig 19 i láthair le coinníoll fhisiciúil nó míochaine.

Rinneadh sé iarratas is tríocha iarratas céad uaire ar an Oifig Náisiúnta Rochtana le linn 2004-2005. Cuireadh €95,110.91 ar fad ar fáil do ITL ar son na n-iarratasóirí uile ar an gciste i 2004-2005.

Seirbhís Chóiríochta

Bhí an tSeirbhís Chóiríochta á comhordú ag Lily Goggin i gcónaí, chabhraigh sí le mic léinn cóiríocht a fháil agus deacrachtaí a bhain le cóiríocht a fháil a réiteach. Bhí Lily i mbun seirbhís atreoraithe, ionas nach raibh dúbláil ann agus daoine ag dul chuig an láthair chéanna. Dá thoradh seo, tá an-taithí faighte aici ar an gcóiríocht agus ar na tiarnaí talún uile sa cheantar máguaird, agus is í is fearr atá in ann comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair. Tá an tseirbhís seo ar fáil do Phrintísigh freisin.

1. Atreorú Pearsanta – mar a ndéantar gach mac léinn a atreorú go seoladh ar leith, agus
2. Cigireacht phearsanta – mar a ndéanann gach mac léinn cigireacht ar a c(h)óiríocht féin.

Aontas na Mac Léinn

Lean an tAontas ar aghaidh ag feidhmiú mar sheirbhís neamhspleách ionadaíochta agus tacaíochta do mhic léinn trí an gCoiste Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. Tháinig forbairt ar an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na mic léinn agus is dá thoradh sin a tharla a lán den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil seo. Chuir Aontas na Mac Léinn tacaíocht, comhairle agus faisnéis ar fáil faoi réimse leathan ábhar. Is eagraíocht é Aontas na Mac Léinn atá á reachtáil ag mic léinn chun freastal ar riachtanas na mac léinn. Bhí Coiste Riartha, atá tofa ag balóid i measc na mac léinn, i mbun reachtáil laethúil an Aontais. Tá dhá aontas ar leith ann, Aontas an Scoil Ealaíne & Deartha agus Aontas Pháirc Mhaigh Lise, lena n-oifigh tofa féin acu a bhíonn ina n-oifigh sabóideacha don bhliain.

Socraíonn na mic léinn beartas agus treo foriomlán an Aontais ag a gcrúinniú cinnbhliana

- chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus a gcearta a chosaint.
- chun bealach cumarsáide aitheanta a chur ar fáil idir na mic léinn agus údarais na hInstitiúide
- chun áiseanna sóisialta agus siamsaíochta a sholáthar do mhic léinn
- Spreagtar mic léinn chun a bheith páirteach i ngnéithe spórtúla agus cultúrtha saol na hInstitiúide

Lean an tAontas ar aghaidh ag eagrú Seachtain Phléaracaim, Seachtain na Nuíosach agus siamsaíocht eile agus thug sé cúnaimh do chlubanna agus cumainn i rith na bliana. Bronnadh an brabús as a lán de na himeachtaí seo do charthanachtaí áitiúla. Eagraíodh imeachtaí chomh héagsúil le léimt Bunjee agus gabhchartáil, agus líathróid ghlioscarnach mar chuid den Seachtain Phléaracaim. Ar lá Vailintín, an 14 Feabhra, cuireadh tús fuinniúil leis an seachtin le léimt bunjee ar son carthanachta nuair a rinne 100 mac léinn a léimeanna ón 11 – 4pm i gcarrollós Supermacs ar Bhóthar na hInse. Chuaigh roinnt de na mic léinn ar thuras ‘timpeall an traic’ ar lánluas amuigh i gCill Churnáin i rás gabhchairteanna agus d’eagraigh siad a gcomórtas ‘You’re a Star’ féin in ITL mar chuid de chomórtas náisiúnta a raibh a chraobh i gCorcaigh. I measc imeachtaí eile bhí Damhsa Vailintín Romeo agus Juliet, agus comórtas coschiartha ar son carthanachta.

Ba é oscailt Ionad nua na Mac Léinn ag Páirc Mhaigh Lise mórócáid na bliana do na Mic Léinn, áit a mbeidh mic léinn in ann a scíth a ligean saor ó strus an staidéir, dar le hUachtarán Chumann na Mac léinn, Eamon Clancy.

Ag labhairt dó ag oscailt oifigiúil an Ionaid dúirt Eamon gur chéim mhór chun cinn a bhí ann do Mhic Léinn ITL. Tá oifigí, ionaid siamsaíochta agus Stáisiún Raidió le láncheadúnash, Wired FM, san ionad nua. Tá seomra stórais do threalamh spóirt, Seomra Boird agus seomra cluichí den déanamh is nua ann le meaisíní agus táblaí púil. Ba í Stiúrthóir ITL, an Dr, Maira Hinfelaar, a d’oscail an t-ionad go hoifigiúil. Tugadh faoi deara gurb iad na mic léinn féin a dhéanann maoiniú iomlán ar Ionad na Mac Léinn, le hairgead a bhaintear as an Deontas Caipitíochta a íocann siad gach bliain, agus thug Clancy moladh ar leith d’Oifigigh éagsúla Chumann na Mac Léinn a raibh sé d’fhis acu an t-airgead a chur ar leataobh.

Comhairle Spóirt

Déanann an Chomhairle Spóirt ionadaíocht do na mic léinn agus don bhfoireann uile agus chuir sí creatlach tacaíochta ar fáil do mhórán spórt. D’éirigh go maith le foirne na hInstitiúide go háirithe i Rugbaí, Camógaíocht agus i gcomórtais CLG ar feadh na tréimhse. Ceapadh Oifigeach Forbartha CLG lánaimseartha san Institiúid agus bronnar scoláireachtaí CLG ar mhic léinn ardchumasacha faoi scéim a d’eagraigh Comhairle na Mumhan den CLG. I measc spóirt eile a cuireadh ar fáil i rith na bliana bhí Sacar, Peil Ghaelach, Iománaíocht, Snámh, Camógaíocht, Hacaí, Rugbaí, Lúthchleasaíocht, Badmantan, Galf, Liathróid Láimhse, Imeachtaí Allamuigh, Peil na mban, Cispheil agus Tae Kwon Do. Ar nós Seirbhísí Tacaíochta eile na Mac Léinn, rinneadh maoiniú ar an gComhairle Spóirt as Táillí Seirbhísí Mic Léinn a d’íoc na mic léinn. Bhí saoráidí breise ar fáil le húsáid i rith na bliana, agus mhéadaigh an rannpháirtíocht dá réir.

Bhí siad seo a leanas i measc buaicphointí na bliana 2004/5:

ITL sa ghlóir do Chorn Mhic Giobúin -

Bí linn ag ITL arsa Day Fitzgerald

Tar éis Corn Mhic Giobúin a bhuachaint den chéad uair, thug ITL faoi thogra nua chun iománaithe óga a mhealadh ón chathair agus ón tuath chun freastal ar an gColáiste. Bhí a gcéad bhua riamh ag ITL i gCorn Mhic Giobúin Datapac nuair a bhí bua éachtach 2-13 go 3-4 acu sa chraobh in aghaidh a gcomharsana sa chathair, Ollscoil Luimnigh.

Cluiche Rugbaí Bliantúil na nDathanna

Don deichiú bliain as a chéile, thug dhá choláiste Luimnigh, ITL agus Ollscoil Luimnigh aghaidh ar a chéile i geraobhcluiche Dathanna Rugbaí. Tá an cluiche tiomnaithe i gcuimhne ar John agus Andrew O’Brien, iarscoláirí in ITL. Bhí an-sceitimíní ar ITL a cluiche a bhuachaint i gcoinne a sean-naimhde as an Ollscoil.

Bearna seacht mbliana sáraithe ag ITL chun Corn Uile-Éireann a ghnóthú

Tar éis tréimhse seacht mbliana d’éirigh le ITL corn Uile-Éireann Rugbaí na gColáistí a ghnóthú ag Páirc Musgrave, nuair a bhuardar ar CIT 21-20. Tugadh moladh ar leith do na traenáluithe John Staunton, Donnacha McNamara agus Thomas Cronin, agus don gcion a rinne Jim Brisland agus Tony Wallace.

Den chéad uair chomh maith chuir ITL foireann Sacar Ban ar an bpáirc i sraith áitiúil.

Saoráidí na Mac Léinn

Ba mhór an áis an Pháirc Uile-Aimsire don Institiúid i gcónaí. Bhí sí ar oscailt ar feadh na seachtaine go léir agus an-éileamh uirthi ag an deireadh seachtaine, agus imríodh an-chuid cluichí d'ardchaighdeán inti. I measc réimsí eile a fuair tacaíocht bhí lamháltas do mhic léinn ón Scoil Ealaíne & Deartha chun cuairt a thabhairt ar Mhúsaem Hunt agus cuireadh deontais ar fáil freisin do chatalóg Thaispeántas Bliantúil na Mac Léinn Ealaíne & Deartha. Tharla an chéad taispeántas de Rogha Saothar Ealaíon Shinnors le mic léinn reatha Ealaíon & Deartha sa Church Gallery i gCampas Shráid an Chláir, agus dúirt John Shinnors gur mhór an dúshlán é rogha a dhéanamh de na saothair ó mhic léinn an choláiste agus gur dhearbhaigh na saothair a roghnaíodh a chreideamh faoi thábhacht na samhlaíochta agus faoi thuiscint na n-ealaíontóirí ar ábhair agus saothair ealaíne á gcruthú acu.

Bhí Ionad Spóirt agus Folláine ITL lán de ghníomhaíochtaí i rith na bliana, agus réimse iomlán de ghníomhaíochtaí spóirt ar bun ar an bpáirc uile-aimsire agus ar pháirceanna éagsúla féir. Bhí fail ag Ballynanty Rovers ar pháirceanna agus ar shaoráid ITL dá gcluichí baile uile agus le haghaidh traenála, agus ba mhór a chuidigh sé seo le feidhmiú na foirne. Bhí saoráidí faoi dhíon á dtairiscint ag an Ionad Spóirt agus Folláine ar laethanta seachtaine agus ag an deireadh seachtaine do Chlubanna agus do Ghrúpaí Pobail lena n-áirítear an halla, an halla gleacaíochta agus an stiúdeo damhsa, agus bhí na saoráidí seo an-oiriúnach le haghaidh cóisirí agus imeachtaí do leanaí.

Seirbhís Baincéireachta

Bhí seirbhís iomlán baincéireachta, chomh maith le saoráid dáiliú airgid ag campas Mhaigh Lise, á soláthar ag Banc-Aontas Éireann.

Bialann na Mac Léinn

Bhí saoráidí iomlána bialainne ar fáil do mhic léinn ar champas Mhaigh Lise agus ar champas Shráid an Chláir i rith na bliana acadúla, agus foilsíodh na rialacha seo do na bialanna:

- Ní cheadaítear caitheamh tabac sa Bhialann
- Ní ceadaithe troscán ná trádairí a thógaint amach as an mBialann
- Ní mór do gach mac léinn a bheith glan agus sláintiúil in úsáid na saoráidí seo –úsáid na boscaí bruscair atá ar fáil, cuir trádairí úsáidte agus a bhfuil orthú ar na tralaithe atá ar fáil
- Mura gcomhlíontar na rialacha seo go leanúnach bainfear díot do chárta ID.

Mic Léinn le Deacrachtaí Foghlama

Spreagadh mic léinn le deacrachtaí foghlama chun a riachtanais a chur in iúl le linn Ionduchtú do cheann a Scoile/Roinne, agus/nó do bhall ar bith d'Fhoireann Seirbhísí na Mac Léinn, .i. Séiplíneach, Altra, Comhairleoir, Oifigeach Rochtana, a luaithe is féidir ionas gur féidir tacaíocht agus seirbhísí sásúla a chur ar fáil gan mhoill. D'éirigh go han-mhaith leis seo agus mhéadaigh an líon ar cabhraíodh leo ó na blianta roimhe seo, go háirithe ó thaobh tacaíochta ag am Scrúduithe.

3.9 Naisc Acadúla Sheachtracha (a) Náisiúnta (b) Idirnáisiúnta

Tá naisc ag ITL i gcónaí leis na heagraíochtaí agus leis na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla uile. Áirítear Forbairt na Sionnaine, an tÚdarás Forbartha Tionscal agus IBEC ina measc.

Tá naisc leitheadacha ag ranna agus Scoileanna aonair le cumainn ghairmiúla, ceirde agus gnó.

Tá an Institiúid ag forbairt a cuid nasc le heagraíochtaí san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar chuid dá gcúrsaí faoi chlár Erasmus. Is féidir le léachtóirí idirmhalartú a dhéanamh faoin gclár seo chomh maith.

Is gné de mhórán cúrsaí san ITL é an socrúchán oibre. Tá naisc déanta le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun socrúcháin a mhaoiniú do mhic léinn i gcuideachtaí Eorpacha.

4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE & FORBARTHA

4.1 Réamhrá

Bhí ionadaíocht ag an Oifig Forbartha ar réimse leathan de choistí beartais áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta. Is samplaí iad seo a leanas de na coistí sin:

Forbairt na Sionainne

Bhí an Institiúid páirteach i dtionscadal darbh ainm Gníomhartha Nuálacha a fuair maoiniú Eorpach. Sa scéim seo socraíodh baill foirne laistigh de Fhiontair bheaga agus mheánacha.

Fiontraíocht Éireann

Fuair an Institiúid maoiniú € 2.54 ó Fhiontraíocht Éireann chun Gorrann Gnó a lonnú ar Champas Mhaigh Lise. I rith na tréimhse seo rinneadh an obair dheartha don ionad.

Ghlac an Institiúid páirt i dtograí éagsúla de FÉ lena n-áirítear Comhpháirtíochtí Nuála.

Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir (MWRA)

Tá Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir ar cheann de ocht réigiún reachtúil Phoblacht na hÉireann le timpeall 10% de an achar náisiúnta agus de dháonra na tíre. Tá an tÚdarás comhdhéanta de na ceantair riaracháin Chomhairlí Contae An Chláir, Thiobrad Árann Thuaidh & Luimnigh agus Comhairle Chathrach Luimnigh. Tá sé de fhreagracht ar an Údarás seachadadh comhordaithe na Seirbhísí Poiblí a chothú i Réigiún an Iarthair Láir.

Gníomhaireacht Fhorbartha na hÉireann (IDA)

Bhí an Institiúid rannpháirteach leis an IDA ar Chúrsaí Taistil éagsúla a thug cuideachtaí a d'fhéadfadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrannach a dhéanamh san Iarthair Láir ar cuairt ar an Institiúid. Rinne cur i láthair dóibh faoin Institiúid, faoi ranna ar leith agus faoi thacair scileanna na gcéimithe.

Bord Forbartha Chathair Luimnigh (LCDB)

Tá ionadaíocht ag an Institiúid ar Bhord Forbartha Chathair Luimnigh. Seoaldh Bord Forbartha Chathair Luimnigh mar fhreagra ar thiomantas an Rialtais i leith athnuachain an rialtais áitiúil. Ba é mian an togra seo spreagadh nua a thabhairt don rialtas áitiúil trí chomhoibriú agus comhordú níos fearr ar sheirbhísí ag Rialtas Áitiúil, ag Gníomhaireachtaí Stáit agus ag lucht forbartha áitiúil a chruthú. Tá ionadaíocht ag ITL ar an bpríomhbhord agus ar fhoghrúpa Chathair an Fhoghlama.

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

Tá a cumais thaighde á bhforbairt i gcónaí ag an Institiúid. Tá réimse leathan moltaí curtha ag an bhfoireann faoi bhráid na ngníomhaireachtaí maoinithe.

Le linn na bliana d'éirigh linn an maoiniú seo a leanas a ghnóthú:

Cód Tionscadail	Ball Foirne	Luach (€)	Teideal
P 0109 Sraith Chomhairle na Stiúrthóirí 1 2004-2006	John Cosgrove	33,500	Giniúint Uathchóid i gCórais Neadaithe
P110 Fearais Analóige	John Cosgrove	5,000	Clár Fréamhshamhail Analóige I/O do DCS
P 111 Comhpháirtíocht Nuála FÉ IP-2004-0633 le Faisnéisíocht Mhuirí	John Cosgrove	124,500	Sreabhadh Deartha gan Uaim
P 0112 TEMPUS IM	Bob Baker	1,050	Athstruchtúrú Curaclam
Comháirtíocht Nuála FÉ IP-2004-0646-Y	Michael Geary	9,000.00	Crómatagrafaíocht Eisiamh Méide
P 0114 IRCSET Togra Embark	Marian Carcary	42,862.50	Meicníocht Luachála Infheistíochta TF
P 0115 Leonardo 2004-119-014	Éagsúil	14,000	
P 0116 SFI 05/IPG/778	An Dr. Siobhan Moane	2,000	Pleanáil Institiúide
P 0117 ITS Cord	Éagsúil	4,500	
			Modhanna Anailiseacha a Fhorbairt ar son Anailise ar Dhrugaí Mí-úsáide
Ciste Inmheánach ITL	An Dr. Siobhan Moane	5,000	Teicnís ISLO d'Anailís Fhóirínseach TEM
Ciste Inmheánach ITL	An Dr David Sutton	12,000	Anailís Fhorbairt Fhoréinseach Drugaí – Leictreachromtagrafaíocht Drugaí Beinsidé-asaipín ag usáid Polaiméirí Inphriontaithe go Móilíneach
Ciste Inmheánach ITL	An Dr. Elaine Raggett	27,000	Caidéil Teasa Géothairmeacha le cabhair tuirbíní gaoithe
Ciste Inmheánach ITL	Joe Dunk	18,000	Anailís Straitéiseach ar Acmhainneacht do Sholáthar Fhíorúil ar Chláir Gnó
Ciste Inmheánach ITL	Louise Nugent	25,000	Anailís Ábhair. An Tuiscint a sholáthraíonn sé d'fhorbairt/éabhlóid Bhogearraí
Ciste Inmheánach ITL	Tara Kelly	13,000	Modhanna Anailiseacha a fhorbairt chun Drugaí Mí-úsáide a Bhrath
P 0132 Sraith 1 Chomhairle na Stiúrthóirí 2004-2006 Taighde Iarchéime agus Feidhmchláir Fhorbairt Scileanna	An Dr. Siobhan Moane An Dr Anne Murphy	5,000	
		34000	Hiondraphlóthaigh Comhchuingithe Einsime MIP

4.3 Mic Léinn Iarchéime

Mic Léinn Iarchéime

Bhí na Mic Léinn Iarchéime seo a leanas ag freastal i rith na bliana 2004/2005:

Ainm	Gradam
Scoil Ealaíne & Deartha	
Philippa Little	PhD
Regina Corcoran	MA
Philip Kenny	MA
John Langan	MA
Scoil na Timpeallachta Tógtha	
Joanne Neville	MSc
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	
<i>An Roinn Gnó</i>	
Jean Doyle	MBS
Debra McDonald	MBS
Gerard O Connor	MBS
Claire Phelan	MBS
<i>Roinn na nDaonnachtaí:</i>	
Aoife Cowman	MA
Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta & Theicneolaíocht na Faisnéise	
<i>Roinn na hEolaíochta Feidhmí</i>	
Brendan Daly	PhD
Sinead Hennessy	PhD
Gerard Clancy	MSc
David Fennell	MSc
Niall Kelly	MSc
James Ring	MSc
<i>An Roinn Innealtóireachta Leicreach agus Leictreonach</i>	
Steven Lynch	MSc
John McDonnell	MSc
Margaret Spillane	MSc
<i>Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise</i>	
Marian Carcary	PhD
Tara Kelly	PhD
Bill Lyons	MSc
Kevin Murphy	MSc
Philip O Brien	MSc

Céimithe Samhain 2004

Ainm	Gradam
Scoil Ealaíne & Deartha	
Jennifer Comber	MA
Justin Walsh	MA
Scoil Ghnó & Daonnachtaí	
<i>An Roinn Gnó</i>	
Daniel Murphy	MBS
Conor O Donovan	MBS
Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta & Theicneolaíocht na Faisnéise	
<i>Roinn na hEolaíochta Feidhmí</i>	
Donna Leamy	PhD
Anne Moran	PhD
<i>An Roinn Innealtóireachta Leicreach agus Leictreonach</i>	
Brendan Donnelly	MSc
Aodhán MacAleer	MSc
Patrick O Callaghan	MSc
Rachel O Toole	MSc
<i>Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise</i>	
Michael Breen	MSc
Marian Carcary	MSc

4.4 Forbairt Champais

Ní dhearnadh dul chun cinn breise ar bith le hAthchóiriú Champas Shráid an Chláir agus ní bhfuarthas faomhadh na Roinne chun dul chun tairisceana.

Tréimhse measartha ciúin a bhí ann go ginearálta ó thaobh fhorbairt an champais. Rinneadh iarratas pleanála dár gcuid foirgneamh Réamhdhéanta lena n-áirítear dhá fhoirgneamh réamhdhéanta breise a sholáthar agus foirgnimh a bhí ann cheana a oiriúnú chun ceithre sheomra ranga breise a sholáthar ag Maigh Lise.

Rinne athchóiriú ar an oifig Fáiltithe ag Maigh Lise chun timpeallacht nua áisiúil a chur ar fáil d'úsáideoirí le clóiséidíní don bhfoireann agus Ráiteas Misin ITL ar taispeáint go follasach.

Suiteáladh Siopa Caifé/aonad Freastail i gCumann na Mac Léinn chun seirbhís bia agus dí a sholáthar san áit sin.

Suiteáladh Córas Asbhaint Deannaigh i gceantar Céirmeach Champas Shráid an Chláir chun caighdeán an aeir a fheabhsú ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht.

Ceannaíodh Scuabaire Bruscair Coisí chun an réim ghlantacháin ar thailte Mhaigh Lise a fheabhsú.

Tugadh clampáil rotha isteach i Maigh Lise chun smacht a chur ar pháirceáil.

Cuireadh tús le hobair tógála an Ionad Liotmais, bloc oifige ceallach le hachar urláir de 1338 m. cr.

4.5 Sábháilteacht agus Saoráidí Coiste Comhairleach Sábháilteachta

Lean an Coiste Comhairleach Sábháilteachta lena chuid oibre le cruinniú gach téarma i rith na bliana.

Smachtú Legionella

Glacadh le Beartas le cinntiú go ndéanfar córas uisce na hInstitiúide a dhearadh, a oibriú agus a chóireáil faoi choinníollacha a choscann nó a smachtaíonn fás agus méadú na baictéire legionella.

Obair Lasmuigh de Ghnáthuairreanta

Tugadh isteach Beartas an Choláiste maidir le ‘Obair Lasmuigh de Ghnáthuairreanta’ chun treoir a chur ar gach ball foirne agus fochéimí faoi na nósanna imeachta maidir le hobair aonair nó lasmuigh de ghnáthuairreanta.

Socrúchán Mic léinn

Tugadh isteach cáipéis bheartais dar teideal “Socrúchán Oibre do Mhic Léinn”, a chuireann treoir faoi árachas agus ceisteanna sláinte agus sábháilteachta ar fáil do phearsanra atá páirteach i gclár taithí oibre na hInstitiúide.

Conraitheoirí

Tá beartas na hInstitiúide chun deileáil le conraitheoirí leagtha amach i “Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta do Chonraitheoirí”.

Tá an duine a fhostaíonn seirbhísí seachtracha freagrach as a chinntiú go gcloítear leis na riachtanais mar atá siad leagtha amach sa cháipéis seo agus as forfheidhmiú a chinntiú trí sheiceáil rialta.

Halla Spóirt

Suiteáladh frámaí nua cisphéile sa Halla Spóirt mar go raibh na seanchinn i riocht dhainséireach.

Córas Asbhainte

Suiteáladh coras sa Seomra Adhmadóireachta i Sráid an Chláir a chinntíonn go ngabhtar min rabh a ghineann na meaisíní ag a bhfoinse agus go n-asbhaintear as an gceardlann é.

Substaintí Guaiseacha

Baineadh leathán aispéiste agus roinnt gaitéir aispéiste ó Shráid an Chláir agus rinneadh diúscairt air de réir na reachtaíochta náisiúnta.

Rinneadh diúscairt ar thrí chónra d’fheadáin fhluaraiseacha.

Comharthaíocht

Cuireadh comharthaí sainordaithe, éigeandála, treo agus teoradh luais ar fáil.

Oiliúint

Cuireadh oiliúint i Láimhsiú, i gCéadchabhair Ghairme, Maor Tine, Tarrtháil Ardaitheora, Brath Tine agus i gCóras Rabhaidh agus i Láimhsiú Gáis ar fáil.

Córas Rabhaidh Pearsanta

Suiteáladh córas rabhaidh pearsanta ocht gcaineal do phearsanra i Seirbhísí na Mac Léinn.

Trealamh Cosantach Pearsanta

Eisíodh trealamh cosantas pearsanta cuí do Fheighlithe, Fir Stóir agus Teicneoirí.

Arduitheoirí

Cuireadh fearas uathdhiallaithe sna hardaitheoirí OTIS i gCampas Mhaigh Lise agus i Sráid an Chláir.

Rinne Cuideachta Árachais Eagle Star tástáil reachtúil ar na hardaitheoirí uile.

Saoráidí Ní Súl

Suiteáladh saoráidí ní súl sa Gharáiste, Campas Mhaigh Lise agus sa Roinn Grianghrafadóireachta Cé Seoirse.

Sábháilteacht Dóiteáin

Eagraíodh druileanna dóiteáin go rathúil i ngach Campas. Cuireadh an Panéal Rabhadh Dóiteáin sa Halla Spóirt i mbun oibre chomh maith leis an léas braiteoireachta sa phríomh-halla. Tá cairteanna creasa ar taispeáin sa Halla Spóirt, sa Cheardlann Phlástrála agus i mBloc 13.

Timpistí

Tuairiscíodh sé thimpiste agus seasca le linn na tréimhse, 46 le mic léinn, 14 timpiste foirne, ceithre thimpiste le conraitheoirí agus dhá thimpiste do chuariteoirí. Bhain cailliúint ama le seacht dtimpiste, dhá thimpiste foirne agus cúig chinn a bhain le mic léinn. Cailleadh ocht lá do mhic léinn agus dhá lá do lucht foirne.

5. PEARSANRA

5.1 Tuarascáil Phearsanra Bliain Acadúil 2002/03

LÍON FOIRNE DE RÉIR EARNÁIL (Buan lánaimseartha)		
	Mar a bhí ag 31/08/04	Mar a bhí ag 31/08/05
Foireann Acadúil	198	210
Riarachán/Leabharlann/Bainistíocht Shinsireach	66	65
Teicneoirí	26	25
Feighlithe	14	14

SOSANNA GAIRME

Alan Sheahan	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise (2ú bliain)
Martha Brennan	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV (2ú bliain)
Kay Fitzgerald Nolan	Oifigeach Foirme, Grád V (2ú bliain)
Helen Forde	Oifigeach Foirme, Grád VI (1ú bliain)
Catriona Browne	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV (1ú bliain)
Louise Masterson	Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne & Deartha (1ú Bliain)
Alan Ryan	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise (1ú bliain)
Catherine Bates	Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne & Deartha (1ú Bliain) (ar saoire speisialta 03/04)

FOIREANN DEARBHAITHE LE HAGHAIDH CEAPÚCHÁIN (LÁNAIMSEARHTHA BUAN)

Maria Hinfelaar	Stiúrthóir
Joseph Lane	Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne & Deartha
Sean Armstrong	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha
James Collins	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Mike McGuire	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha (<i>ar ghrád Teicneora roimh seo</i>)
Colm Prenderville	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Sajjad Sajjadi	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha
Michael Monaghan	Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí
Elaine Raggett	Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí
Thomas Martin	Léachtóir Cúnta, An Roinn Innealtóireachta Leicreach agus Leictreonach
Liam Walsh	Léachtóir Cúnta, An Roinn Innealtóireachta Leicreach agus Leictreonach
Margaret O Sullivan	Léachtóir Cúnta, An Scoil Ghnó
Patrick O'Rourke	Léachtóir Cúnta, An Scoil Ghnó
Eleanor Fitzmaurice	Léachtóir, Roinn na nDaonnachtaí:
Sara Jane Kickham	Léachtóir Cúnta, Roinn na nDaonnachtaí:
Martin Neville	Léachtóir Cúnta, Roinn na nDaonnachtaí:
Elizabeth Bourke	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Caroline McAlister	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Seamus O'Ciardhuain	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Carol Rainsford	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise
Thomas Meade	Léachtóir Cúnta, An Roinn Innealtóireachta Meicniúla & Gluaisteán
Frances Egan	Oifigeach Gairmeacha
Dawn Kennedy	Teicneoir

LUCHT FÁGÁLA

Vincent McCarthy	Stiúrthóir Feidhmeach (<i>ar Scor</i>)
Naresh Chaudri (RIP)	Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha (<i>bás le linn seirbhíse</i>)
Marion Collins	Léachtóir Sinsearach I, Scoil na Timpeallachta Tógtha (<i>ar scor</i>)
Martin Collins	Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha (<i>ar Scor</i>)
Tom Brennan	Léachtóir II, An Scoil Ghnó (<i>ar Scor</i>)
William Leeson	Léachtóir Cúnta, Roinn Teicneolaíocht Faisnéise (<i>d'éirigh as</i>)
William Jo Freeman	Léachtóir I - An Roinn Innealtóireachta Meicniúla agus Gluaisteán (<i>ar Scor</i>)
Dougal McKenzie <i>speisialta</i>	Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne & Deartha (<i>d'éirigh as le linn dó a bheith ar saoire</i>)
Pat Gill	Bainisteoir Feidhmeach Eastát (<i>deireadh lena chonradh</i>)
Brian Harty	Teicneoir (<i>d'éirigh as</i>)
Deirdre Quaid	Oifigeach Foirme Cúnta, Grád IV (<i>d'éirigh as le linn di a bheith ar sos gairme</i>)

2004/2005

Scéim Forbartha Foirne le cúnamh CFE

6. TUARASCÁIL AIRGEADAIS

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2004/2005

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 agus faomhadh gan cháiliú é ar an 29/06/2006. Tá sleachta as na ráitis airgeadais faoi iamh.

Ioncam agus Caiteachas

Thug an Institiúid cúlchistí de €2.371m ar aghaidh ag 1 Meán Fómhair 2004. Bhí na cúlchistí sin ardaithe go €2.893m faoi dheireadh na tréimhse mar gheall ar fharasbarr oibriúcháin de €0.522m don bhliain. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil €1.227m de Dheontas Stáit do Mhionobreacha Caipitil a bhí tiomanta ach neamhchaite san áireamh sna cúlchistí den chéad uair. Tá cúlchistí carntha de €1.666m ann anois i gcomparáid le €2.371m i 2004. €32.518m d'ioncam reatha a bhí ann, lena n-áirítear €18.845m de dheontais athfhillteacha. Bhí caiteachas reatha de €31.996m ann, lenar áiríodh €24.226m de chostais foirne. B'ionann an costas athfhillteach bliantúil in aghaidh an mhic léinn agus €6,683 don bhliain. Tá an costas reatha in aghaidh an mhic léinn á choinneáil ag leibhéal iomaíocha.

Clár Comhardaithe

Léirigh luach na sócmhainní inláimhsithe ardú glan de €1.531m ó €52.240m go €53.371m faoi dheireadh na bliana. Seasann breiseanna de €3.240m do infheistíocht de €1.051m i dtrealamh oideachasúil agus teicneolaíocht faisnéise agus €2.189m i mbonneagar cóiríochta. Tugann na breiseanna seo lúide muirear dímheasa de €1.709m an t-ardú glan.

An tAcht um Phrasíocaíochtaí 1997

Cómhlíonann an Institiúid a cuid oibleagáidí faoin Acht um Phrasíocaíochtaí 1997.

6.2 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 LÚNASA 2005

	<u>NÓTA:</u>	<u>2005</u>	<u>2004</u>
		€000	€000
<u>IONCAM</u>			
Deontas Stáit	1	18,845	15,650
Scaoilte ón gCuntas Caipitil	18	1,709	1,345
Táillí Teagaisc	2	5,775	5,261
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	871	550
Ioncam Úis		92	127
Clárúchán Mic Léinn	6	2,643	2,738
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	217	251
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	879	1,174
Ioncam Eile	5	<u>1,487</u>	<u>1,391</u>
		<u>32,518</u>	<u>28,487</u>
<u>CAITEACHAS</u>			
Ranna Acadúla	8	19,634	17,717
Seirbhísí Acadúla	9	1,563	1,295
Aitribh	10	2,411	2,266
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	11	2,619	2,678
Caiteachas Ginearálta Oideachasúil	12	721	635
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	1,262	1,321
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	217	251
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	871	550
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	879	1,174
Dímheas	15	<u>1,709</u>	<u>1,345</u>
		<u>31,886</u>	<u>29,232</u>
FARASBARR OIBRIÚCHÁIN		632	(745)
AISTRIÚ GO CÚLCHISTE SRIANTA	6	(110)	(420)
FARASBARR CARNAITHE AG TÚS NA BLIANA		<u>2,371</u>	<u>3,536</u>
FARASBARR CARNAITHE AG DEIREADH NA BLIANA		<u>2,893</u>	<u>2,371</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-25. Níor aithníodh aon ghnóthachan ná cailteanas, seachas iad siúd atá pléite sna Cuntais seo.

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe Joe Ryan Maria Hinfelaar

CLÁR COMHARDAITHE MAR A BHÍ AG 31 LÚNASA 2005

	<i>NÓTA:</i>	<u>2005</u>	<u>2004</u>
		<u>€000</u>	<u>€000</u>
<u>SÓCMHAINNÍ SEASTA</u>			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	53,771	52,240
<u>SÓCMHAINNÍ REATHA</u>			
Feichiúnaithe	16	2,365	4,347
Airgead sa bhanc agus ar lámh		<u>7,239</u>	<u>5,227</u>
		9,604	9,574
<u>CREIDIÚNAITHE</u>			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	<u>(4,338)</u>	<u>(4,500)</u>
		<u>5,266</u>	<u>5,074</u>
<u>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE</u>		<u>59,037</u>	<u>57,314</u>
<u>DLITEANAIS REATHA</u>			
<u>SÓCMHAINNE GLANA</u>		<u>59,037</u>	<u>57,314</u>
Léirithe ag:			
<u>CÚLCHISTÍ</u>			
Cuntas Caipitil	18	53,771	52,240
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	25	2,893	2,371
Cúlchiste Srianata	24	<u>2,373</u>	<u>2,703</u>
		<u>59,037</u>	<u>57,314</u>

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe
Joe Ryann, Maria Hinfelaar

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-26.

RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 LÚNASA 2005

	<u>NÓTA:</u>	<u>2005</u>	<u>2004</u>
		€000	€000
Airgead a fuarthas ó:			
Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach		20,375	17,281
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil an Stáit			
Caiteachas		85	13
Deontais Stáit do Mhionoibreacha Caipitil		1,227	-
Asbhaintí Coimeádta Aoisliúntais		1,566	1,188
Táillí Teagaisc		5,883	4,584
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt		2,724	1,310
Ioncam Úis		92	146
Táille Clárúchán Mic Léinn		3,216	2,623
Ioncam Eile		<u>106</u>	<u>203</u>
		35,274	27,348
Íocaíochtaí Airgid chuig agus ar son Fostaithe		(24,227)	(22,207)
Íocaíochtaí Airgid go Soláthróirí	19(a)	(7,785)	(7,217)
Airgead glan as oibríochtaí (Eis-sreabhadh)		<u>3,262</u>	<u>(2,076)</u>
CAITEACHAS CAIPITIL			
Deontais faighte:			
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil		290	835
Cionroinnt ó Dheontas Athfhillteach Caipitil an Stáit			
Cionroinnt ó Dheontas an Stáit do Mhionoibreacha Caipitil		1,314	1,748
Deontais Eile		204	-
		<u>497</u>	<u>1,124</u>
		2,305	3,707
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Socraithe a fháil		(3,225)	(3,429)
Insreabhadh glan airgid (Eis-sreabhadh) as caiteachas caipitil		<u>(920)</u>	<u>278</u>
Insreabhadh Airgid glan (Eis-sreabhadh) roimh dheontais mhic léinn agus Cúlchiste Srianata		<u>2,342</u>	<u>(1,798)</u>
	19(b)	-	1
Insreabhadh Airgid glan (Eis-sreabhadh) as deontais mhic léinn		(330)	(511)
Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan airgid as Cúlchiste Srianata	19(C)	<u>2,012</u>	<u>(2,308)</u>
Méadú/(Laghdú) in airgead agus i gcóibhéiseanna airgid			

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe Joe Ryan Maria Hinfelaar

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus Nótaí 1-25.

7. COMHDHEISEANNA

7.1 Beartas Comhdheiseanna

Ráiteas beartais

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta comhdheiseanna a chur ar fáil in oideachas, i bhfostaíocht agus in oiliúint. Ní dheileálfar le haon iarrthóir ar chúrsa, mac léinn, iarrthóir ar phost ná aon fhostaí le níos lú fábhair mar gheall ar ghnéas nó stádas pósta. Diúltaíonn an Institiúid d'aon idirdhealú díreach nó indíreach ar bhonn dath, reiligiúin, cine, náisiúnacht, bunús eitneach nó náisiúnta, inscne nó stádas pósta. Is ar bhonn oiriúnachta amháin a dhéanfar gach cine maidir le hearcaíocht, oiliúint, ardú céime, forbairt ghairme agus coinníollacha seirbhíse.

Aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta do fheasacht a chruthú faoin ngá atá le dearcadh neamhidirdhealaitheach. Is é cuspóir an Bheartais Chomhdheiseanna tiomantas ITL do chomhdheiseanna a léiriú go soiléir. Aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaidh foireann an ITL agus cuallacht na mac léinn le dearcadh neamhidirdhealaitheach.

Is iad cuspóirí an bheartais a chinntiú nach ndéanann ITL aon idirdhealú i gcoinne aon fhostaí nó iarrthóir ar oideachas nó ar fhostaíocht maidir le:-

- Rochtain ar Oideachas
- Rochtain ar Fhostaíocht nó ar Ardú Céime
- Folúntais a Fhógairt
- Earcaíocht agus Roghnú
- Coinníolacha Fostaíochta
- Oiliúnt agus Forbairt

8. NUACHT AGUS IMEACHTAÍ 2004/2005

Stiúrthóir nua ITL i mbun oibre

Ba mar thurasóir ar rothar a tháinig stiúrthóir nua Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh go hÉirinn den chéad uair. Agus thit an Dr. Maria Hinfelaar i ngrá chomh mór sin le Luimneacha agus le Contae an Chláir, gur theastaigh uaithi post a fháil sa réigiún.

“Tá mé ag cur fúm in Éirinn agus ag déanamh rogha go háirithe obair i réimse ardoideachais na hÉireann mar gheall ar na forbairtí dúshlánacha iomadúla atá anseo”, arsa an Dr. Hinfelaar.

Sular ghlac sí le post an Stiúrthóra in ITL, bhí an Dr. Hinfelaar ina Ceann ar an Scoil Ghnó Miondíola ag Ollscoil Ghairmiúil CHN, atá lonnaithe ag Leeuwarden i dtuaisceart na hÍsiltíre. Tá Céim Bhaitsiléir i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla aici ó Ollscoil Leiden san Ísiltír, céim Mháistir Ealaíon i Nua-Bhéarla agus i Litríocht Mheiriceá ó Ollscoil Leicester i Sasana agus teastas iarchéime in Oideachas ó Ollscoil Leicester chomh maith. Ghnóthaigh sí a céim dochtúra ó Ollscoil Maastricht na hÍsiltíre le tráchtas dar teideal Key Success Factors in International Retailing.” Tháinig an Dr. Hinfelaar i gcomharbacht ar an iarStiúrthóir, Vincent McCarthy.

Aonach Earcaíochta

D’eagraigh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh Aonach Earcaíochta d’ábhair fhostóirí a dhírigh ar chéimithe agus ar mhic léinn socrúcháin tríú bliana ó Scoil na Timpeallachta Tógtha. Fuair an t-aonach neart tacaíochta ó chuideachtaí éagsúla sa tionscal tógála agus don dara bhliain as a chéile bhí seastán ag IAVI na Mumhan ag an aonach. Ba é príomhchuspóir sheastán IAVI na Mumhan idir mhic léinn agus céimithe a spreagadh chun a bheith ina gcomhaltaí den IAVI agus béim a chur ar an gcúnamh atá ar fáil ón IAVI chun fostaíocht a fháil.

An 30ú craoladh craobhchluiche do Mhal ar a 30ú lá breithe

Tá ceann de na guthanna is aitheanta i gciorcail spóirt Luimnigh ag Mal Keaveney. Ar an 17 Deireadh Fómhair, agus craobhchluiche Iománaíochta an chontae á imirt, beidh an tráchttaire cáiliúil ar Live 95FM Luimnigh ag ceiliúradh beochraoladh a 30ú chraobhchluiche sinsear contae. Tarlaíonn sé gurb é seo a 30ú lá breithe chomh maith.

Rinne Mal cúrsa Leictreonaic in Institiúit Teicneolaíochta Luimnigh agus ghnóthaigh sé cáilíocht in Ionstramaíocht agus Róbotaic. Bhuaigh sé Gradam McNamee go luath sna 1990í agus Gradam Mílaoise CGO Luimnigh. Cad a rinne craoltóir den Teicneoir Leictreonaic mar sin? Tar éis dó ITL a fháil rinne Mal cúrsa bliana i Staidéar na Meán ag HSI tar éis dó a bheith ina chraoltóir páirtaimseartha ar champas Mhaigh Lise, agus fuair sé post lánaimseartha ina dhiaidh sin sa stáisiún raidió áitiúil.

Mórthaispeántas Ealaíne

Tá mórthaispeántas de shaothar le beirt de na healaíontóirí is cáiliúla i Luimneach oscaiste i nDánlann Ealaíon na Cathrach.

Is fada atá John Donovan agus Tom Fitzgerald bainteach le Scoil Ealaíne agus Dearthe Luimnigh. Tá 70 bliain Donovan á cheiliúradh san iardhearcadh seo agus réimse leathan dá shaothar péintéireachta le 45 bliain anuas ar taispeánt. Dúirt an t-aitire Seán Ó Laoise, agus an taispeántas á oscailt aige, go bhfuil ‘íoróin, greann agus ceardaíocht’ in ealaín Fitzgerald, agus go bhfuil toise polaitiúil in ealaín Tom i gcónaí, glacann agus ceiliúraíonn sé an pholaitíocht a bhíonn i gcónaí sa bhfíorealaín.

Baitsiléir Gnó i Staidear Dlí & Cánachas

Sheoil Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh Céim Onóracha nua ab initio ceithre bliana i Staidéar Dlí agus i gCánachas, clár a chuirfidh an t-eolas, na scileanna agus na iniúlachta ar fáil do ghairmeoirí agus tuiscint ar na naisc atá idir cánachas agus próisis dlí. Déanfar cumas intleachtúil na bhfoghlaimoirí a chothú ar dhóigh a chuirfidh ar a gcumas a gcion a dhéanamh go suntasach ina saol gairmiúil agus príobháideach. Cuirtear timpeallacht thacúil foghlama ar fáil agus déantar monatóireacht ar fhobairt an mhic léinn aonair le cinntiú go bhfaigheann gach duine aird mar dhuine aonair agus tacaíocht phearsanta chun iomlán a n-iniúlachta a bhaint amach a fhad is a bhíonn siad sa choláiste agus ina ngairm sa todhchaí.

Ard-Teastas i nGnó i mBainistíocht Oifige Tosaigh

Sheoil Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh cúrsa nua dhá bhliain don Ard-Teastas i nGnó i mBainistíocht Oifige Tosaigh, agus tréimhse socrúcháin oibre san áireamh.

Ar mhaithe le díriú ar eolas, scil agus iniúlachtaí atá riachtanach i mbainistíocht mhaoirseoireach éifeachtúil a dhéanamh in oifigí tosaigh óstáin, agus deis a thabhairt dóibh rochtain a fháil ar réimse leathan fostaíochtaí malartacha agus dul chun cinn a dhéanamh iontu atá an socrúchán ann. Nuair a bhíonn an clár HETAC críochnaithe acu, tig le foghlaimoirí a bheith ag súil le bheith ag obair i bpostanna freagracha in óstáin, nó go deimhin i bhfiontair eile sa tionscal turasóireachta agus fáilteachais.

Glóir sna hOilimpicí do Léachtóir Ealaíon ITL

Beidh ealaíontóir atá lonnaithe i Luimneach ina ionadaí d'Éirinn sna cluichí Oilimpeacha san Aitéan an samhradh seo i dtuaispeántas speisialta atá ar siúl le linn na gcluichí. Is as Sasana do Amanda Dunsmore ó dhúchas, ach cónaíonn sí anois i bPálás Géine, agus beidh a saothar Billy's Museum ar taispeáint mar chuid de ARTIADE – Oilimpicí na hEalaíne Físe. Beidh saothar le sé chéad ealaíontóir as tíortha atá páirteach sna cluichí Oilimpeacha ar taispeáint.

Mac Léinn as Luimneach ag obair faoi theas na Gréine sa Fhrainc

Fuair mac léinn áitiúil dhá bhliain is fiche d'aois an ceann is fearr in iomaíocht ghéar chun dul ag obair agus ag spraoi i Riviera na Fraince ar feadh dhá mhí dhéag. Tá Paul Mackessy ag teacht chun deireadh a Chéime i nDearadh Grafach i Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh agus roghnaíodh é don socrúchán bliana leis an gcomhlacht Éireannach Amideon sa Fhrainc. Roghnaíodh Paul as rang de 30 chun obair i Rannóg Cumarsáide Amideon Systems, atá lonnaithe i Nice ar an Côte d'Azur. Bronntar an Scoláireacht ar chéimithe oiriúnacha chun deis a thabhairt dóibh obair i dtimpeallacht eachtrannach. Tá sé á riar ag IBEC agus déanann an rialtas agus an chuideachta urraíochta maoiniú cothrom air.

Beocht san eolaíocht do dhaltaí áitiúla

Cuireadh beocht san eolaíocht i scoil samhraidh seachtaine do dhaltaí dara leibhéal in ITL. D'fhoghlaim daltaí ó scoileanna ar nós Coláiste na Toirbhirte, N. Neasáin, srl faoi dhéantús gallúnaí, eolaíocht fhoiréineach agus faoi chealga beach agus foiche a leighis i saotharlanna nua-aimseartha. “Is mian linn an chailc agus an chaint a shrianadh an oiread agus is féidir, agus mar sin is beag léachtóireachta a dhéantar” arsa an léachtóir Ceimice agus an t-eagraí. Chaith grúpaí de sheisear déag, ón dara go dtí an cúigiú bliain, seachtain ag glacadh páirte i gceardlanna praiticiúla a thug blas dóibh de réimsí éagsúla den Eolaíocht.

BA i gCórais Riaracháin Oifige in ITL

Seoladh cúrsa nua trí bliana ab initio le déanaí in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, an Baitsiléir Ealaíon i gCórais Riaracháin Oifige. Is í aidhm shonrach an chúrsa díriú ar riachtanais áitiúla láithreacha do chéimithe a théann ag obair sa timpeallacht oifige. Cuirfidh an cúrsa oideachas leathan atá ag amharc roimhe ar fáil i gCórais Riaracháin R-Oifige ag baint úsáide as na teicneolaíochtaí is déanaí i ról úsáideoirí deiridh chun acmhainneacht r-ghnó a riar agus a sholáthar don timpeallacht oifige.

Buíochas d'Fhear na Cánach

Tugadh aitheantas don chabhair agus don tacaíocht a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh nuair a bronnadh prionta d'eagrán teoranta ar an bPríomh-Bhailitheoir Liam Irwin. Níl ach 150 cóip den phrionta, *Secured Place* le Charles Harper, ann. Beidh an coláiste ealaíne á mbronnadh seo ar na heagraíochtaí ar fud na cathrach a thug cabhair agus tacaíocht dó le blianta. Ba iad Bob Baker agus Richard Ruth a rinne an bronnadh.

Cead á lorg le haghaidh foirgnimh cheallacha ag ITL

Tá sé ar intinn ag Coiste Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh iarratas a dhéanamh ar chead chun dhá fhoirgneamh oifige nua dhá stór ceallacha a fhorbairt ar champas Mhaigh Lise ITL. Beidh aonaid cheallacha oifige sa bhforbairt ar leibhéal an úrláir talún agus an chéad urláir, le ceantar fáiltithe amháin, agus oifigí ginearálta ar an urlár oifige, le foráil le haghaidh spásanna fuascailte, caifitéire, seomraí seimineáir agus cruinnithe, seomra do ghléasra meicniúil, seomraí do shonraí leictreacha agus cumarsáid, bealach isteach nua d'fheithiclí, 18 spás páirceála agus casáin chúntacha do choisithe, fothain do bhoscaí bruscair agus clós seachadta, faoi iamh le geata ard 2.1m agus foráil le haghaidh comhartha ar aghaidhchló an fhoirgnimh san iarthar.

Péintéireachtaí agus Priontaí nua le Cólín Murrey ag Ionad Ealaíon Theach na Cúirte

Eagrófar taispeántas de shaothair úra le Cólín Murray in Ionad Ealaíon Theach na Cúirte dar teideal “Péintéireachtaí agus Priontaí 2004” agus osclófar é ar an Domhnach 21 Samhain le fáiltiú. Is é Gerry Walker, léachtóir sa Choláiste Náisiúnt Ealaíne & Deartha a osclóidh an taispeántas. Rugadh Cólín i mBaile Átha Cliath agus rinne sé a chuid staidéir san NCAD agus chónaigh sé i gCeanada sular chuir sé tús lena ghairm mar mhúinteoir i gColáiste Ealaíon Dhún Laoghaire, NCAD agus i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh.

An Chraobh do Lisa le taispeántas draíochta

Tá lorg a seanathar á leanúint ag dalta as Cathair Dháibhín atá fós sna déaga tar éis di príomhghradam Draíodóirí na hÉireann a ghnóthú. Is garínion í Lisa Hogan leis an Gread Padini, Paddy Ward, agus bhuaigh sí ar 30 draíodóir chun an gradam is clúití do Dhraíodóirí in Éirinn a bhuaichaint. Is mac léinn Cuntasafóchta agus Airgeadais í in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Ganntanas Taighdeoirí á thuar ag Comhdháil

Beidh an-ghanntanas taighdeoirí in Éirinn sna blianta atá romhainn, dar le comhdháil mhór idirnáisiúnta a tionóladh san Iarthar Láir an tseachtain seo caite. D'fhreastail teachtaí as Éirinn, an India, an Téalainn, an Danmhairg, an Indinéis, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe ar an 4ú Chomhdháil Teicneolaíocht Faisnéise agus Teileachumarsáide (IT&T) in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Bhí an chomhdháil dhá lá eagraithe ag TecNet, líonra taighde an Institiúid Teicneolaíochta a bhfuil a cheannoifig i nGleann Maighir i gCorcaigh, agus a bhfuil oifig réigiúnda aige i gCora Finne an Chláir.

Ba é toradh an staidéir a rinne an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus Forfas faoi sholáthar agus éileamh do thaighdeoirí agus do phearsanra taighde in Éirinn, go mbeadh ganntanas de 3,500 taighdeoirí ar a laghad in Éirinn má leanann treocheartaí reatha mar atá siad, go dtí an tréimhse 2010. Is féidir a bheith ag súil le ganntanas i dTeicneolaíochta na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) agus i ndisciplíní Biteicneolaíochta/Cóigisíochta.

Aimsigh an Snáthadán do Sheachtain na hEolaíochta

Beidh rud éigin ann do gach duine sna himeachtaí iomadúla atá beartaithe do Luimneach le linn seachtain na hEolaíochta Beidh 370 imeacht ar fud na tíre ón 7 go dtí an 14 Samhain, agus an deichiú cuid díobh seo á reachtáil i Luimneach, 37 imeacht ar fad.

Beidh foréinseacha agus brath coireanna chomh maith leis an iarmhart ceaptha teasa ar Mhars, agus eolaithe NASA i láthair as Meiriceá. Beidh an triail is mó riamh in Éirinn ar siúl chomh maith agus leanaí as gach cearn den tír ag tuairisciú radhar ar an snáthadán, an damhán alla mór. Measann eolaithe go bhfuil an snáthadán ag éirí níos coitianta in Éirinn agus go bhfuil sé seo amhlaidh mar gheall ar athrú aeráide.

Tarlóidh formhór na n-imeachtaí in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i Maigh Lise nó in Ollscoil Luimnigh.

Béithe le hÉirim

Pé duine a dúirt nach mbíonn éirim ag mainicíní níor thug sé cuairt ar Luimneach le gairid. Tá Miss Limerick an lae inniu, Olivia Stapleton, ar dhuine de liosta fada béithe as Luimneach a fuair céim onóracha den chéad scoth. Fuair Olivia céim 2.1 i nGnó agus Margaíocht ó Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bíonn mainicíneacht le gníomhairecht Celia Holman Lee.

Deontas breise €840,000 do ITL ón Aire

Fuair Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh féirín luath Nollag le déanaí nuair a fógraíodh go mbeidh €840,000 á fháil acu ón Aire Oideachais. Is cuid é an deontas de scéim náisiúnta €12.5 milliún chun airgead a thabhairt d’Institiúidí Teicneolaíochta ar son tionscadal beaga tógála agus deisiúcháin. Tugadh an scéim isteach tar éis don Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, deireadh a chur leis an gcosc ar chaiteachas ar thionscadail caipitil san earnáil ardoideachais. Tuigtear go gcaithfear deontas an ITL ar thionscadail bheaga tógála éagsúla, agus tá sé ar cheann de na deontais is mó sa tír.

ITL ag fanacht ar mhaoiniú chun a chuid oibreacha féin sa bhfoirgneamh Ealaíne & Deartha a chríochnú

Tá athchóiriú mór le déanamh ar fhoirgneamh Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh an samhradh seo chugainn, a d’fhógair stiúrthóir ITL, an Dr. Maria Hinfelaar do mhic léinn céim le déanaí. Dúirt an Dr. Hinfelaar go nglacaimid gan cheist uaireanta le maoiniú ón Rialtas, ach nach mbeadh an campas breá atá againn anois againn murach maoiniú an rialtais agus an AE, agus Ionad Seirbhísí na na Mac Léinn san áireamh.

Tá athrutha foirgníochta déanta ar Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh le tamall de bhlianta anuas agus tá tús le cur le conradh eile go luath. Níl ach leath den athchóiriú déantar ar Shráid an Chláir agus tá pleanann uailmhianacha ann chun an tionscadal a chríochnú. Faoi réir ag meastacháin an Rialtais, tá tús le cur le mórobair thógála sa samhradh.

1,700 céimí nua in ITL

Chuir os cionn 1,700 mac léinn de chuid ITL a gcaipíní agus a gclócaí orthu i searmanas céime an choláiste. Mhair an searmanas trí lá agus mic léinn ag fáil a gcéime ag gach leibhéal, Teastas, Diplóma, Céim, Máistir agus Dochtúireacht. Fuair mic léinn as gach cearn den tír a gcáilíochtaí i ndisciplíní éagsúla an choláiste, ó Theicneolaíocht na Foirgníochta go Ealaín & Fealsúnacht. Ba é seo an chéad searmanas céime foirmiúil do Stiúrthóir nua ITL an Dr. Maria Hinfelaar. Tháinig sí i gcomharbacht ar Vincent McCarthy i mí Mheán Fómhair. Fuair beirt de na mic léinn, Donna Leamy as Páirc Uí Chéirí, agus Anne Moran as Eas Géitinte gradam Dochtúir Fealsúnachta i Luimneach.

Gradam do Stáisiún Raidió

Ghnóthaigh Wired FM ceann de thrí ghradam náisiúnta i gcomórtas Choimisiún Craoltóireachta na hÉireann, eachtraí nua sa Chraoltóireacht. Bhí an bua ag Wired FM in iomaíocht ghéar ó 27 stáisiún áitiúil agus 18 stáisiún raidió pobail ar fud na tíre sa chomórtas a bunaíodh chun cruthaíocht agus nuáil a spreagadh san earnáil raidió neamhspleách. “Fonn na Seachtaine” a thugtar ar an sraith agus sin é go díreach atá ann – fonn gach seachtain. Faigheann éisteoirí na nótaí gach seachtain ar ríomhphost ón stáisiún ar Wiredluimnigh@mic.ul.ie agus tá siad in ainm an clár a thaifeadh chun go mbeidh siad in ann éisteacht leis arís agus arís eile.

Is í an Dr. Rosemary Day ó Choláiste Mhuire Gan Smál a chruthaigh agus a léiríonn an clár, agus tá aitheantas náisiúnta faighte ag an tionscadal agus toradh dá réir ar an obair chrua. Is comhpháirtíocht idir Coláiste Mhuire Gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh é Wired.

Saoráidí spóirt den scoth ag ITL

Bíonn Ionad Spóirt agus Folláine ITL chomh gnóthach le cruiceog beach faoi láthair agus gach cineál imeacht spóirt ar bun ar a pháirceanna uile-aimsire agus féir. Tá foireann Iománaíochta ITL faoi lánseol le sraithe de chluichí tábhachtacha buait acu agus cluichí ollmhóra le teacht. Beidh ITL agus UCC ag tabhairt faoina chéile i gcluiche leathcheannais roinn 1 de shraith na gcoláistí. Tá páirceanna agus saoráidí ITL á n-úsáid faoi láthair ag Ballynanty Rovers dá gcluichí baile go léir agus dá gcuid traenála agus is mór an tionchar atá acu seo ar chumas na foirne.

Is féidir le hIonad Spóirt agus Folláine ITL saoráidí faoi dhíon a thairiscint ar laethanta na seachtaine agus ag deireadh na seachtaine do Chlubanna agus do Ghrúpaí Pobail, le halla, halla gleacaíochta agus stiúideo damhsa. Tá na saoráidí seo an-áisiúil le haghaidh cóisir agus imeachtaí do leanaí.

Ag obair chun an Ealaín a chothú ar son na hEalaíne

Mar dhuine nach ndearna aon staidéar ar an Ealaín agus í ar scoil, tá ag éirí go breá le Lucina Russell. Tá ionad sinsireach bainte amach aici ina gairm le hobair chrua agus le dúthracht, mar aon lena grá do na hEalaíona.

Níor tháinig an grá seo chun cinn go dtí go raibh sí sa choláiste, nuair a bheartaigh sí ar staidéar a dhéanamh ar dhearadh teicstíle agus TF i nGaillimh. Ina dhiaidh sin, bhí sí ag obair ar chlár Ealaíon Pobail i bhFionnghlas, sular fhill sí ar an gcoláiste ag Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, mar ar ghnóthaigh sí dioplóma iarchéime múinteoireachta. Ina tréimhse mar mhúinteoir chaith sí seal ag obair le daltaí meánscoile agus in ealaíona pobail i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Fuair sí Céim Máistir in Ealaín, Dearadh agus Oideachais sular ghlac sí le post mar Oifigeach Ealaíon Chontae Chill Dara ceithre bliana go leith ó shin.

Leanfaigh Martin ar aghaidh mar Dhaidí na Nollag ag ITL

B'fhéidir go bhfuil Martin Collins as Caladh an Tróigh éirithe as tar éis 25 bliana mar léachtóir in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ach níl sé ag éirí as post tábhachtach eile i gcampas Mhaigh Lise, .i. DAIDÍ NA NOLLAG

Bhí Martin, léachtóir i dTógáil agus Foirgníocht, Líníocht Theicniúil agus Suirbhéireacht Chainníochta, ar dhuine de chúigear ball den bhfoireann acadúil ar tugadh ómós dóibh ag fáiliú in Óstán Pery's le déanaí. Bhí Thom Brennan, Cuntasaíocht, Marian Desmond Collins, Scoil na Timpeallachta Tógtha, Joe Freeman, Innealtóireacht Ghluaisteáin and George Kelly, Cuntasasíocht, ag ceiliúradh scor chomh maith. Bhronn Stiúrthóir ITL, an Dr. Maria Hinfelaar dearbháin taistil orthu siúd a bhí ag dul ar phinsean.

Rogha Shinnors

Tá taispeántas ealaíne le mic léinn reatha Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh ar siúl faoi láthair i nDánlann Church. Iarradh ar mhic léinn saothair ealaíne a chur isteach agus roghnaigh an t-ealaíontóir clúiteach, John Shinnors, don taispeántas iad agus léiriú orthu. Dúirt sé gur mhór an dúshlán a cuireadh roimhe na saothair a roghnú as pobal na mac léinn agus gur athdhearbhaigh na saothair atá roghnaithe a thuairim faoi thábhacht na samhlaíochta agus faoi thuiscint na n-ealaíontóirí ar ábhair agus saothair ealaíne á ndéanamh.

Fís shoiléir ag fear an pharóiste Joe

Tá pearsanacht Joe Ryan le feiceáil i ngach gné de mhonarcha Vistakon i gCaladh an Tróigh. Tá éifeachtacht chiúin la brath chomh luath is a théann duine isteach an doras. Tá an monarcha ar nós meaisín dea-olaithe ón ionad fáiltithe gan smál go dtí an t-urlár ardteicneolaíoch táirgíochta. Chuaigh Joe le Vistakon 2 mbliana ó shin mar bhall den aonad Acmhainní Daonna. Ghlac sé le freagrachtaí breise déantúsaíochta ansin sula ndearnadh Bainisteoir Ginearálta de i mbliana.

Tá dóchas ag Joe as seansanna Luimnigh agus an Iarthar Láir go ginearálta. Ní gá do dhaoine óga an ceantar a fhágáil níos mó chun oideachas tríd leibhéil a fháil, mar go bhfuil dhá institiúid den scoth, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus UL ag cur cáilíochtaí ar fáil atá inchurtha le coláiste ar bith, agus go bhfuil feabhas as cuimse déanta ar shaoráidí spóirt, agus go gcuireann Belltable agus Amharclann na Mílaoise saoráidí den chéad scoth ar fáil le haghaidh ceoil agus na healaíona.

Samhlacha cré na Leanáí ar taispeáint

I dtaispeántas nuálach a eagraíodh le gairid in Amharclann Dean Crowe cuireadh cumas ealaíontóirí na todhchaí in Áth Luain ar taispeáint don bhaile go léir. Chaith na leanáí atá idir 8 agus 12 bliain d'aois ceithre sheachtain ag ullmhú don taispeántas.

Rinne siad miondealbha cré sa cheardlann. Iarradh ar na leanáí áit i mBaile Áth Luain, nó in aice lena dtithe, a phiocadh, áit a raibh aithne mhaith acu air, agus saothar dealbhadóireachta a shamhlú agus a dhearadh a léireodh rud ar leith a bhain leis an gceantar sin. Ba ar scéalta stairiúla áitiúla ar nós Luan agus Eistiú, an stua agus an caisleán is mó a bhunaigh na leanáí a gcuid dealbha. Cuireadh péint ar na samhlacha go léir agus taispeánadh san Amharclann iad dá dtuismitheoirí bródúla. Cailín áitiúil, Emily Campbell, a fuair a céim le déanaí ó Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, a bhí i mbun na gceardlanna do leanáí agus dúirt sí leis an Athlon Topic go raibh sí an-sásta leis an toradh.

Mic léinn Luimnigh i measc réalta na cistine

Fuair beirt mhac léinn tríd leibhéil as Luimneach aitheantas ar son a cumas mar chócairí ón eagraíocht turasóireachta, Fáilte Ireland. Ghnóthaigh Joann Flaherty agus Patrick Mulvihill, mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh gradaim ag searmanas na Culinary All-stars i mBaile Átha Cliath le gairid. Bhí siad beirt i measc 24 mac léinn agus oiliúnaithe a fuair aitheantas ag an searmanas mar chócairí óga na todhchaí a fuair duaiseanna i nGradaim Dine and Wine Fáilte Ireland.

Bhí Patrick Mulvihill ar dhuine de thriúr mac léinn a fuair onóir mar ionadaí d'Éirinn ar scoláireacht go Lycée cáiliúil d'Hotalleria i St. Quentin na Fraince, mar a raibh gach mac léinn páirteach i gcúrsa scileanna 13 seachtain, agus fuair siad socrúcháin ina dhiaidh sin in óstáin agus i mbialanna ina réimsí staidéir chun taithí oibre a fháil.

Corn Mhic Giobúin do ITL

Bí linn in ITL, arsa Davy Fitzgerald

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ag súil le mórtogra a sheoladh chun níos mó iománaithe cumasacha óga a mhealladh go dtí an coláiste ó chathair agus tuath. Bhuaigh ITL a gcéad Chorn Mhic Giobúin Datapac riamh le bua suntasach 2-13 in aghaidh 3-4 sa chraobhchluiche in aghaidh a gcomharsana sa chathair Ollscoil Luimnigh. Níor éirigh le himreoir amháin as Luimneach a bheith ar scuad 31 ITL áfach.

Léirigh an traenálaí, Davy Fitzgerald go raibh togra á bheartú ag an gcoláiste chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin. Dúirt an cathaoirleach, Liam Kelly, go raibh sé ag súil go spreagfadh éacht an dá choláiste as Luimneach i gcraobhchluiche Chorn Mhic Giobúin an iománaíochta agus go mbeadh imreoirí as Luimneach ag teacht chucu feasta agus ag dul ar aghaidh go foireann an chontae.

Dlí Murhy

Tar éis na bliana is fearr a bhí aige go dtí seo, labhair an marcach iomaíochta Joseph Murphy leis an Irish Field faoina chlós nua agus a mhianta don todhchaí. “Is é an rud is tábhachtaí dom a bheith ag dul i bhfeabhas gach lá agus an oiread taithí agus is féidir a fháil”. Is í an dearcadh seo a dhéanann duine de na marcaithe iomaíochta is suntasá sa tíre de Joseph Murphy. Thosaigh sé ag marcaíocht ag 13 bliana, nuair a gortaíodh a chomharsa Clarissa Croll agus d'iarr sí air aclaíocht a thabhairt dá capall seilge, ach ní fada a ghlac sé ar Joseph dúil a chur sa mharcaíocht.

Bhíodh Cúnna Sionnaigh na hIarmhí ag trasnú ar thalamh a theaghlaigh i Muileann gCearr agus níorbh fhada go raibh Joseph agus a leathchúpla Ciaran meallta ag sceitimíní na seilge.

Chuaigh na deartháir ar aghaidh ó sheilg go hiomaíocht nuair a fiafraíodh díobh ar mhaith leo dul san iomaíocht i dtrialacha agus in imeachtaí seilge agus ghlac siad go fonnmar leis an dúshlán. Cheannaigh an bheirt dheartháir a gcéad chapall iomaíochta, gearrán darbh ainm Silken Ash ó Florida Son go gearr ina dhiaidh sin – ní raibh Silken Ash ach leibhéal réamhnuíosach ag an am agus chuaigh sé chun cinn sna grádanna leis na buachaillí. Nuair a d'fhág Joseph an scoil, d'fhreastail sé ar Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh mar a bhfuair sé céim i 2001 i Suirbhéireacht Chainníoch, agus chaith sé cúpla bliain ag obair mar shuirbhéir ansin agus an mharcaíocht mar chaitheamh aimsire aige.

